# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2003**

## EACNAMAÍOCHT BHAILE (EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA)

## GNÁTHLEIBHÉAL

**DÉ hAOINE, 6 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 4.45**

(400 marc)

Ní mór **cúig** cheist a fhreagairt.
Ní mór **ceist amháin** a roghnú as **gach** Roinn ar leith; na ceisteanna eile ar rogha an iarrthóra.
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

**THALL→**

Ní mór **cúig** cheist a fhreagairt.
Ní mór **ceist amháin** a roghnú as **gach** Roinn ar leith; na ceisteanna eile ar rogha an iarrthóra.

## ROINN 1 – EOLAÍOCH

**1.** Tabhair cuntas ar phróitéin faoi **gach ceann** de na ceannteidil seo a leanas:
- **(i)** comhdhéanamh;
- **(ii)** aicmiú agus samplaí de gach aicme;
- **(iii)** feidhmeanna sa chorp;
- **(iv)** príomhfhoinsí san aiste bia.

Cad é an cion laethúil (R.D.A.) de phróitéin a mholtar do dhuine fásta.

**2.** Iarradh ort sraith treoirlínte a ullmhú maidir le hiteachán sláintiúil do pháistí óga. Leag amach na príomhphointí a chuirfeá san áireamh.
Cuir le chéile biachlár (**trí** bhéile) lae amháin do theaghlach le páistí óga.
Liostaigh na comhábhair agus tabhair treoracha iomlána faoi mhias phríomhchúrsa an phríomhbhéile ón mbiachlár a phleanáil tú, a ullmhú, a chócaráil agus a riar.
Déan luach cothaitheach na méise a mheas.

**3.** Déan cur síos **(i)** ar shuíomh agus **(ii)** ar struchtúr an ae. Bain úsáid as léaráidí lipéadaithe chun do fhreagra a léiriú.
Déan achoimre ar phríomhfheidhmeanna an ae.
Mínigh ról an domlais sa díleá.

**4.** Tabhair cuntas ar shicín faoi **gach ceann** de na ceannteidil seo a leanas:
- **(i)** na pointí is cóir a chur san áireamh agus sicín á cheannach agat;
- **(ii)** luach cothaitheach agus diaitéiteach;
- **(iii)** úsáidí cócaireachta.

Ag baint úsáide as sicín úr, tabhair treoracha iomlána chun casaról sicín **nó** curaí sicín a ullmhú, a chócaráil agus a riar.

## ROINN II - SÓISIALTA

**5.** Fadhb shóisialta leanúnach is ea an bhochtaineacht i sochaí na hÉireann.
Pléigh cuid de na cúiseanna a bhaineann leis an bhfadhb seo.
Breacrianaigh éifeachtaí na bochtaineachta ar **(i)** an duine aonair, **(ii)** an teaghlach agus **(iii)** an tsochaí.
Tabhair cuntas ar obair **(a)** An Ghíomhaireacht chun Bochtaineacht a Chloí (Combat Poverty Agency) **nó** **(b)** Cumann Naomh Uinseann de Pól.

**6.** Scríobh cuntas eolais ar **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas:
- **(i)** an tábhacht a bhaineann le hoideachas dara seans do dhaoine óga agus do dhaoine fásta;
- **(ii)** na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le hárais chúraim seandaoine;
- **(iii)** na sochair a dhéanann na heagrais dheonacha **(a)** don phobal agus **(b)** do na hoibrithe deonacha a bhíonn gafa leo;
- **(iv)** na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le cónaí i gceantar tuaithe.

**7.** Luaigh an chaoi is fearr chun leas a bhaint as soilsiú nádúrtha sa teach cónaithe.
Pléigh na tosca ba chóir a chur san áireamh agus córais soilsithe á bpleanáil do theach teaghlaigh.
Déan cur síos ar an gcomhdhéanamh a bhaineann le **(i)** bolgán filiméid **nó** **(ii)** bolgán fluaraiseach.
Déan cur síos ar **thrí** cinn de na feistí soilsithe/gnéithe soilsithe seo a leanas: **(a)** soilse anuas; **(b)** soilsiú taispeántais; **(c)** soilsiú ar rian agus **(d)** lasca maolúcháin.

**8.** Tabhair cuntas ar an bhfolúsghlantóir a mholfá le húsáid in árasán nua-aimseartha.
Déan tagairt do:
- **(i)** comhdhéanamh;
- **(ii)** prionsabal oibrithe;
- **(iii)** gnéithe nua-aimseartha agus baill breise;
- **(iv)** costas.

Cad iad na réamhchúraim speisialta is cóir a ghlacadh agus cúram á dhéanamh d'urláir adhmaid nádúrtha?

**9.** Tabhair cuntas ar na seirbhísí a sholáthraíonn Cumann Tomhaltóirí na hÉireann.
Liostaigh na príomh-mhíreanna eolais a mbeadh súil agat leo ar **(i)** lipéad bia ar ábhar bia réamh-phacáistithe **agus** **(ii)** comhaontú creidmheasa.
Luaigh na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le hearraí a cheannach ar sheirbhís ordaithe poist **nó** ar an Idirlíon.